C/2026/5412

16.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12594 — CINVEN / LA CAISSE / OPTIO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5412)

1. An 7 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cinven Strategic Fund 2 ('Cinven SF2', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Cinven Limited (an Ríocht Aontaithe),

— Caisse de dépôt et placement du Québec ('La Caisse'), Ceanada,

— Optio Group Limited ('Optio', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Conservation Capital Partners Fund I LP (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Cinven Limited agus La Caisse rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Optio ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Cinven SF2 agus Cinven Limited ina gcuid de Cinven ([2]), gnólacht cothromais phríobháidigh a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistithe infheistíochta agus comhairleacha infheistíochta a sholáthar do roinnt cistí infheistíochta,

— Is infheisteoir institiúideach fadtéarmach é La Caisse a bhainistíonn cistí a thaisceoirí, cistí arb iad a bhformhór pleananna pinsin poiblí agus paraphoiblí agus pleananna árachais i gCúige Québec, Canada,

— Is ardán árachais speisialtachta é Optio a bhfuil a cheanncheathrú i Londain agus a fheidhmíonn mar ghníomhaire ginearálta bainistíochta. Soláthraíonn sé seirbhísí frithgheallta agus bainistíochta d'árachóirí agus d'athárachóirí ar fud na Ríochta Aontaithe, tíortha Eorpacha eile, an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh, Mheiriceá Thuaidh agus réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Tá gnólacht bróicéireachta árachais neamhshaoil níos lú aige freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) Ciallaíonn 'Cinven', ag brath ar an gcomhthéacs, aon cheann de Cinven Holdings Guernsey Limited, Cinven Partnership LLP agus a gcuid 'comhlach' faoi seach (mar a shainmhínítear in Acht Cuideachtaí na Ríochta Aontaithe 2006) nó i dteannta a chéile agus/nó cistí atá á mbainistiú ag aon cheann díobh sin roimhe seo mar atá comhdhéanta chun críocha Rialachán um Chumaisc Eorpacha (Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle), nó a dtugann aon cheann díobh comhairle ina leith. Níl tír chorpraithe ag Cinven ós rud é nach eintiteas corparáideach é.

([3]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12594 — CINVEN / LA CAISSE / OPTIO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË